RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1177 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Iúil 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 maidir le própocsacarbasón a bhaint de liosta na substaintí gníomhacha atá le meas mar shubstaintí lena n-ionadú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 78(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún ([2]) bunaíodh liosta de shubstaintí gníomhacha a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i bpointe 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le bheith measta mar shubstaintí lena n-ionadú. Áiríodh própocsacarbasón sa liosta sin toisc gur measadh go gcomhlíonann sé dhá cheann de na trí chritéar atá ann chun a mheas gur substaint mharthanach bhithbhailitheach thocsaineach ("PBT") í, i gcomhréir le pointe 4, an dara fleasc d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1115 ón gCoimisiún, ([3]) rinneadh formheas an phrópocsacarbasóin a athnuachan mar shubstaint ghníomhach, ach mar sin féin, ní dhearnadh é a athnuachan mar shubstaint atá le hionadú. Go deimhin, sa mheasúnú nua níor deimhníodh dianseasmhacht na substainte, rud a fhágann nach gcomhlíonann an tsubstaint sin dhá cheann de na critéir atá ann chun a mheas gur substaint PBT í. Dá bhrí sin, áiríodh é i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Ós rud é nach bhfuil própocsacarbasón le meas a thuilleadh mar shubstaint lena n-ionadú, ba cheart é a bhaint freisin den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ina liostaítear substaintí gníomhacha atá le meas mar shubstaintí lena n-ionadú, ar mhaithe le mearbhall a sheachaint.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 a leasú dá réir sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún an 11 Márta 2015 maidir le cur chun feidhme Airteagal 80(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena mbunaítear liosta substaintí a bhféadfaí ionadú a dhéanamh orthu (IO L 67, 12.3.2015, lch. 18).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1115 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2017 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí própocsacarbasón a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 162, 23.6.2017, lch. 38).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún, scriostar an iontráil a bhaineann le própocsacarbasón.